

f/ch Oifigí Coillte  
Crosaire Uí Airnéide  
Maigh Chromtha  
Co. Chorcaí  
P12 XA50

Márta 2022

A Úinéir Tí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag scríobh chugat chun tú a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an tionscadal, Feirm Ghaoithe na hInse Móire, atá beartaithe i gCúil Aodha, Co. Chorcaí, ar comhpháirtíocht fhorbartha í idir SSE Renewables agus FuturEnergy Ireland. I mo ról mar Oifigeach Idirchaidreamh Pobail, tá orm a chinntiú go bhfaigheann tú an t-eolas ar fad atá de dhíth ort chomh maith le freagraí a chur ar fáil maidir le haon cheisteanna a bheadh agat ag éirí as an tionscadal fuinnimh in-athnuaite seo.

Do lean na suirbhéireachtaí agus staidéir measúnaithe timpeallachta ar aghaidh ón uair a eisíodh Nuachtlitir 3 i mí Meán Fómhair. I mí Feabhra 2022, suiteáladh crann meitéareolaíochta ar an láthair san Inse Mhór. Deineadh an suiteáil seo tar éis don iarratas ar chead pleanála a bhí seolta isteach go Comhairle Contae Chorcaí a bheith ceadaithe do chrann meitéareolaíochta 100-méadar. Tugadh an cead pleanála seo ar an 31 Lúnasa, 2021. Luas na gaoithe a thomhas ó threoanna difriúla agus ag airde éagsúla is ea an fheidhm atá aige.

De réir mar a théann an obair dheartha agus fhorbartha ar aghaidh ar Fheirm Ghaoithe na hInse Móire, cuirfimid bróisiúr tionscadail agus taispeántas fíorúil ar fáil agus súil againn tús a chur leo seo i dtreo dheireadh an tsamhraidh/tús an fhómhair 2022. Beidh na nuashonrúcháin ar fad ar fáil ar an suíomh Gréasáin atá tiomnaithe don tionscadal ag [www.inchamoremwindfarm.ie](http://www.inchamoremwindfarm.ie).

Idir an dá linn, más mian leat teagmháil a dhéanamh liom chun aon ghné den tionscadal a phlé nó chun cruinniú a shocrú, tá mo shonraí teagmhála thíos. Nó más fearr leat, is féidir leat rphost, glaoch gutháin nó téacs a chur chugam ag iarraidh orm tú a chur ar an liosta seachadta. Chun teacht ar gach eolas a eisíodh go dtí seo i dtaobh Fheirm Ghaoithe na hInse Móire atá beartaithe, lena n-áirítear liosta Ceisteanna Coitianta (Canna) agus na nuachtlitreacha ar fad a eisíodh go dtí seo, téigh le do thoil go dtí [www.inchamoremwindfarm.ie](http://www.inchamoremwindfarm.ie).

Is mise le meas,

-----  
Breandán ó Tuama  
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail

Guthán: 087 971 2151  
Rphost: [inchamore@futureenergyireland.ie](mailto:inchamore@futureenergyireland.ie)